

An tAonad um Beartas Curaclaim
agus Measúnachta
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Sráid Maoilbhríde
Baile Átha Cliath 1
D01 RC96



Curriculum and Assessment Policy
Unit
Department of Education and Skills
Marlborough Street
Dublin 1
D01 RC96

Dáta: 26/10/2016

Uimhir Chiorcláin: 0072/2016

Chuig Príomhoidí agus Boird Bhainistíochta na Scoileanna Dara Leibhéal agus
Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

Mionchoigeartú ar Shiollabas Ceimice na hArdteistiméireachta

Réamhrá

Ceann de na haidhmeanna atá le siollabas Ceimice na hArdteistiméireachta is ea meas a chothú ar ghnéithe eacnamaíochta na ceimice. Tá mionchoigeartú á dhéanamh ar shiollabas Ceimice na hArdteistiméireachta anois chun a chinntiú gur féidir forbheathnú atá réalaíoch agus cothrom le dáta a thabhairt do dhaltaí ar an tionscal ceimiceach in Éirinn agus ar fud an domhain.

Tá éifeacht leis an gcoigeartú sin ó mhí Mheán Fómhair 2016 do gach dalta a dhéanfaidh scrúdú Ceimice na hArdteistiméireachta sa bhliain 2018 agus ina dhiaidh sin.

Coigeartuithe ar Shiollabas Ceimice na hArdteistiméireachta

Scríosfar na focail ‘na hÉireann’ agus ‘in Éirinn’ atá le feiceáil in dhá áit ar leathanach 28 agus in dhá áit ar leathanach 66 de shiollabas na Ceimice. Tá sonraí beachta faoi na hathruithe sin tugtha san aguisín.

Ginearálta

Tarraing aird gach múinteora Ceimice sa scoil ar an gclár seo agus cuir cóip di ar fáil do bhaill de bhord bainistíochta na scoile freisin.

Is féidir an clár seo a rochtain ag www.education.ie freisin.

Eamonn Moran
Príomhoifigeach
26 Deireadh Fómhair 2016

Aguisín

Mionsonraí ar choigeartuithe ar Shiollabas Cheimic na hArdteistiméireachta

Leathanach 28: Ábhar Reatha

IA.2 Cás-Staidéar: Doimhne na hIonramhála: Cás-Staidéar bunaithe ar an tionscal Ceimiceach in Éirinn.

Leathanach 28: Ábhar Coigeartaithe: Éifeachtach ó Mheán Fómhair 2016 do gach dalta a shuífidh scrúdú Ceimice na hArdteistiméireachta in 2018 agus ina dhiaidh sin:

IA.2 Cás-Staidéar: Doimhne na hIonramhála: Cás-Staidéar bunaithe ar an tionscal Ceimiceach in Éirinn

Leathanach 28: Ábhar Reatha

IA.2 Cás-Staidéar: Gnéithe Sóisialta agus Feidhmeacha: Feasacht ar réimse scóip thionscal Ceimiceach na hÉireann (dhá shampla de tháirgí a tháirgeann an tionscal seo, seachas iad sin dá bhfuil tagairt sa chás-staidéar a roghnaíodh).

Leathanach 28: Ábhar Coigeartaithe: Éifeachtach ó Mheán Fómhair 2016 do gach dalta a shuífidh scrúdú Ceimice na hArdteistiméireachta in 2018 agus ina dhiaidh sin:

IA.2 Cás-Staidéar: Gnéithe Sóisialta agus Feidhmeacha: Feasacht ar réimse scóip thionscal ceimiceach na hÉireann (dhá shampla de tháirgí a tháirgeann an tionscal seo, seachas iad sin dá bhfuil tagairt sa chás-staidéar a roghnaíodh).

Leathanach 66: Ábhar Reatha

IA.2 Cás-Staidéar: Doimhne na hIonramhála: Cás-Staidéar bunaithe ar an tionscal Ceimiceach in Éirinn.

Leathanach 66: Ábhar Coigeartaithe: Éifeachtach ó Mheán Fómhair 2016 do gach dalta a shuífidh scrúdú Ceimice na hArdteistiméireachta in 2018 agus ina dhiaidh sin:

IA.2 Cás-Staidéar: Doimhne na hIonramhála: Cás-Staidéar bunaithe ar an tionscal Ceimiceach in Éirinn.

Leathanach 66: Ábhar Reatha

IA.2 Cás-Staidéar: Gnéithe Sóisialta agus Feidhmeacha: Feasacht ar réimse scóip thionscal ceimiceach na hÉireann (dhá shampla de tháirgí a tháirgeann an tionscal seo, seachas iad sin dá bhfuil tagairt sa chás-staidéar a roghnaíodh).

Leathanach 66: Ábhar Coigeartaithe: Éifeachtach ó Mheán Fómhair 2016 do gach dalta a shuífidh scrúdú Ceimice na hArdteistiméireachta in 2018 agus ina dhiaidh sin:

IA.2 Cás-Staidéar: Gnéithe Sóisialta agus Feidhmeacha: Feasacht ar réimse scóip thionscal ceimiceach na hÉireann (dhá shampla de tháirgí a tháirgeann an tionscal seo, seachas iad sin dá bhfuil tagairt sa chás-staidéar a roghnaíodh).